**Parlaimint na hEorpa**
2019/2024

*Seisiún iomlánach*

**A9-0312/2023**

27.10.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú aindleathach agus gáinneáil arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireacht eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) (athmhúnlú)
(COM(2022)0480 – C9-0365/2022 – 2022/0288(COD))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir don tuairim: Bernd Lange

(Athmhúnlú – Riail 110 de na Rialacha Nós Imeachta)

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe i gcomhréir le Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Emil Radev, an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

PR_COD_1recastingam

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................46

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú aindleathach agus gáinneáil arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireacht eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) (athmhúnlú) (COM(2022)0480 – C9-0365/2022 – 2022/0288(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach - athmhúnlú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0480),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagail 33 agus 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0365/2022),

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlí atá molta,

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha theicníocht an athmhúnlaithe do ghníomhartha reachtacha[1],

– ag féachaint do litir an XX XX 2023 ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta i gcomhréir le Riail 110 (3) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Rialacha 110 agus 59 dá Rialacha Nós Imeachta

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0312/2023),

A. de bhrí, i gcomhréir le Meitheal Chomhairleach sheirbhísí dlíthiúla Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, nach bhfuil aon leasuithe substainteacha i gceist leis an togra ón gCoimisiún, seachas na leasuithe sin a shainaithnítear sa togra mar leasuithe den sórt sin, agus de bhrí, a mhéid a bhaineann le códú na bhforálacha neamhathraithe ó na gníomhartha roimhe sin in éineacht leis na leasuithe sin, gurb é atá

[1] IO C 77, 28.3.2002, lch. 1.

sa togra ná códú díreach ar na téacsanna atá cheana ann, gan aon athrú ina substaint;

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é, agus aird á tabhairt ar na moltaí ó Mheitheal Chomhairleach sheirbhísí dlí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin;

2. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 13**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(13) Tá iliomad sainmhínithe cóipeáilte go díreach ó Threoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] nó ó Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29].

[28] Treoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 maidir le fáil agus seilbh arm a rialú (IO L 115, 6.4.2021, lch. 1).

[29] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

*Leasú*

(13) Tá iliomad sainmhínithe cóipeáilte go díreach ó Threoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] nó ó Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29]. ***Ba cheart aon tagairt d'airm thine, dá gcomhpháirteanna bunriachtanacha, d'armlón agus d'airm rabhaidh agus chomhartha sa Rialachán seo, a thuiscint sa chiall go n-áirítear leo earraí a mhonaraítear trí theicneolaíocht priontála 3T a úsáid i gcás ina gcomhlíontar na sainmhínithe ábhartha.***

[28] Treoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 maidir le fáil agus seilbh arm a rialú (IO L 115, 6.4.2021, lch. 1).

[29] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 17**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) Nuair nach ndéantar airm thine agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha a mharcáil go cuí i gcomhréir le hAirteagal 8 de Phrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe nó de bhun na Treorach maidir

*Leasú*

(17) Nuair nach ndéantar airm thine agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha a mharcáil go cuí i gcomhréir le hAirteagal 8 de Phrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe nó de bhun na Treorach maidir

| | |
|---|---|
| le hAirm Thine, ***féadfaidh*** na Ballstáit a chinneadh airm thine urghafa a scriosadh ar chostas an allmhaireora. | le hAirm Thine, ***ba cheart*** do na Ballstáit a chinneadh airm thine urghafa a scriosadh ar chostas an allmhaireora. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Mar gheall ar choinbhleacht armtha a bheith ag teacht ar ais chuig mór-roinn na hEorpa agus mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le hiomadú arm neamhdhleathach arb é an cineál seo coinbhleachta go cinnte is cúis leo;*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an aithris sin chun na saincheisteanna atá i gceist leis an rialachán seo a mhíniú tuilleadh. Is maith is eol agus é doiciméadaithe go maith go ndíoltar cuid de na hairm a sheachadtar chuig an Úcráin ar mhargadh dubh na hEorpa chun cur ar a cumas cur i gcoinne fhogha na Rúise.*

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun rioscaí atreoraithe a sheachaint agus an t-ualach riaracháin a theorannú an tráth céanna, is gá imscrúdú a dhéanamh ar chásanna amhrasacha inar cheart do na Ballstáit cruthúnas go bhfuarthas an lastas a iarraidh ar údaráis an tríú tír is ceann scríbe. | (30) Chun rioscaí atreoraithe a sheachaint agus an t-ualach riaracháin a theorannú an tráth céanna, is gá imscrúdú a dhéanamh ar chásanna amhrasacha inar cheart do na Ballstáit cruthúnas go bhfuarthas an lastas a iarraidh ar údaráis an tríú tír is ceann scríbe. ***Más rud é nach féidir an dearbhú maidir leis an bhfáltas sin a fháil ar chúis ar bith, ba cheart an fhaisnéis sin a thaifeadadh sa chóras ceadúnúcháin leictreonach ionas gur féidir tagairt di sa todhchaí.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) a sholáthar do na húdaráis inniúla chun an Rialachán seo a chur chun feidhme. | (32) Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) a sholáthar do na húdaráis inniúla chun an Rialachán seo a chur chun feidhme***, agus ba cheart na hacmhainní daonna agus ábharacha atá riachtanach don tasc seo a bheith ar fáil acu***. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Chun inrianaitheacht arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go ndeonófar rochtain do lucht custaim ar an bhfeidhmchlár líonra um malartú slán faisnéise (SIENA) de chuid Europol. Ba cheart do na Ballstáit a chuireann Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] i bhfeidhm an rochtain sin a dheonú. | (34) ***Chun críche an Rialacháin seo***, chun inrianaitheacht arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go ndeonófar rochtain do lucht custaim ar an bhfeidhmchlár líonra um malartú slán faisnéise (SIENA) de chuid Europol. ***Ba cheart an rochtain sin a bheith teoranta agus comhréireach chun na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.*** Ba cheart do na Ballstáit a chuireann Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] i bhfeidhm an rochtain sin a dheonú. |
| [37] Rialachán (AE) 2016/794 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle, agus a | [37] Rialachán (AE) 2016/794 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle, agus a |

| | |
|---|---|
| ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lgh. 53–114) | ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lgh. 53–114) |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun an cur chuige rioscabhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 22(6) a chumasú maidir leis na hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, armlón, agus airm rabhaidh agus chomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus iad ag teacht isteach ar mhargadh an Aontais nó ag fágáil an mhargaidh sin, agus chun a áirithiú go mbeidh seiceálacha éifeachtach agus go ndéanfar iad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, oibreoidh an Coimisiún, na húdaráis inniúla agus na húdaráis chustaim i ndlúthchomhar le chéile agus malartóidh siad faisnéis. | (35) Chun an cur chuige rioscabhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 22(6) a chumasú maidir leis na hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, armlón, agus airm rabhaidh agus chomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus iad ag teacht isteach ar mhargadh an Aontais nó ag fágáil an mhargaidh sin, agus chun a áirithiú go mbeidh seiceálacha éifeachtach agus go ndéanfar iad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, ***beidh sé d'oibleagáid*** ar an gCoimisiún, ag na húdaráis inniúla agus ag na húdaráis chustaim comhoibriú i ndlúthchomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú. ***Chuige sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh na hacmhainní is gá ag na húdaráis inniúla, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, chun a misean seirbhíse poiblí a chomhlíonadh ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) D'fhonn rianú arm tine a éascú agus d'fhonn gáinneáil arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin a chomhrac go héifeachtúil, ***is gá*** an malartú faisnéise idir Ballstáit ***a fheabhsú***, go háirithe trí úsáid níos fearr a bhaint as na bealaí cumarsáide atá ann | (36) Chun rianú arm tine a éascú agus chun gáinneáil arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin a chomhrac go héifeachtúil, ***tá sé ríthábhachtach go bhfeabhsófar*** an malartú faisnéise idir na Ballstáit, go háirithe trí úsáid níos fearr a bhaint as na bealaí cumarsáide atá ann cheana ***agus tríd*** |

| | |
|---|---|
| cheana | ***an nGrúpa Comhordaithe a neartú. Cuideoidh an comhar idirnáisiúnta feabhsaithe agus neartaithe trí fhaisnéis faoi bhealaí gáinneála ar airm a chomhroinnt go córasach, trí oiliúint a chur ar oifigigh chustaim maidir le gáinneáil ar airm thine, agus trí imscrúduithe agus oibríochtaí comhpháirteacha chun cur isteach ar shreabha arm aindleathach, chun an gháinneáil neamhdhleathach ar airm agus cineálacha eile coireachta eagraithe trasnáisiúnta a chomhrac.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Tá sonraí pearsanta le próiseáil i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] agus Rialachán(AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39]. | (38) Tá sonraí pearsanta le próiseáil ***le súil ghéar á coinneáil orthu agus*** i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] agus Rialachán(AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39]. |
| [38] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1). | [38] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1). |
| [39] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear | [39] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear |

| | |
|---|---|
| Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). | Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). |

*Réasúnú*

*Tá cosaint sonraí pearsanta ar cheann de cholúin ghníomhaíocht agus phrionsabail an Aontais agus, dá bhrí sin, ní mór aithris 38 a neartú.*

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Áirítear go háirithe in Acquis Schengen Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le trádáil neamhdhleathach arm tine (SCH/Com-ex (99) 10)[40], ar dá bhun a dhéanfaidh na Ballstáit a sonraí bliantúla náisiúnta don bhliain roimhe sin maidir le trádáil neamhdhleathach arm tine a chur isteach faoin 31 Iúil gach bliain, ar bhonn an tábla lena mbaineann chun staidreamh a thiomsú. Ina theannta sin, mhol an Coimisiún in 2018 gur cheart do na Ballstáit staitisticí mionsonraithe a bhailiú maidir leis an mbliain roimhe sin faoin líon údaruithe, diúltuithe, cainníochtaí agus luachanna onnmhairí agus allmhairí arm tine, de réir tionscnaimh nó ceann scríbe, agus na staitisticí sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin[41]. | (41) Áirítear go háirithe in Acquis Schengen Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le trádáil neamhdhleathach arm tine (SCH/Com-ex (99) 10)[40], ar dá bhun a dhéanfaidh na Ballstáit a sonraí bliantúla náisiúnta don bhliain roimhe sin maidir le trádáil neamhdhleathach arm tine a chur isteach faoin 31 Iúil gach bliain, ar bhonn an tábla lena mbaineann chun staidreamh a thiomsú. Ina theannta sin, mhol an Coimisiún in 2018 gur cheart do na Ballstáit staitisticí mionsonraithe a bhailiú maidir leis an mbliain roimhe sin faoin líon údaruithe, diúltuithe, cainníochtaí agus luachanna onnmhairí agus allmhairí arm tine, de réir tionscnaimh nó ceann scríbe, agus na staitisticí sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin[41]. ***Ba cheart don Choimisiún na sonraí a fhaigheann na Ballstáit a thiomsú agus a fhoilsiú mar chuid de thuarascáil bhliantúil faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain. Ba cheart an tuarascáil a chur ar fáil don phobal agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.*** |
| [40] IO L 239, 22.9.2000, lch. 469–473 | [40] IO L 239, 22.9.2000, lch. 469–473 |
| [41] Moladh ón gCoimisiún (2018) 2197 final an 17.4.2018 maidir le bearta láithreacha | [41] Moladh ón gCoimisiún (2018) 2197 final an 17.4.2018 maidir le bearta láithreacha |

| | |
|---|---|
| chun feabhas a chur ar shlándáil na mbeart onnmhairiúcháin, allmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin | chun feabhas a chur ar shlándáil na mbeart onnmhairiúcháin, allmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Éascófar forfheidhmiú foriomlán an Rialacháin seo leis an idirnasc idir an córas ceadúnúcháin leictreonach arna bhunú leis an Rialachán seo agus Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam arna bunú faoin [cuir isteach an teideal comhfhreagrach agus an fhaisnéis uile san fhonóta a luaithe a ghlacfar é]. Leis an gcóras ceadúnúcháin leictreonach, déanfar foráil maidir le roinnt gnéithe, lena n-áirítear clárú na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na ndaoine nádúrtha atá údaruithe, de réir na Treorach maidir le hAirm Thine, le hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, armlón nó airm rabhaidh agus chomhartha, a mhonarú, a fháil, a bheith ina seilbh acu, nó iad a thrádáil. Ní mór dóibh clárú sula n-iarrfaidh siad údaruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, úinéirí arm tine a thairbhíonn de shimplithe riaracháin, ní bheidh sé de cheangal orthu clárú sa chóras. | (42) Éascófar forfheidhmiú foriomlán an Rialacháin seo leis an idirnasc idir an córas ceadúnúcháin leictreonach arna bhunú leis an Rialachán seo agus Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam arna bunú faoin [cuir isteach an teideal comhfhreagrach agus an fhaisnéis uile san fhonóta a luaithe a ghlacfar é]. Leis an gcóras ceadúnúcháin leictreonach, déanfar foráil maidir le roinnt gnéithe, lena n-áirítear clárú na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na ndaoine nádúrtha atá údaruithe, de réir na Treorach maidir le hAirm Thine, le hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, armlón nó airm rabhaidh agus chomhartha, a mhonarú, a fháil, a bheith ina seilbh acu, nó iad a thrádáil. Ní mór dóibh clárú ***sa chóras ceadúnúcháin leictreonach*** sula n-iarrfaidh siad údaruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, úinéirí arm tine a thairbhíonn de shimplithe riaracháin, ní bheidh sé de cheangal orthu clárú sa chóras. ***Ós rud é gurb é an córas ceadúnaithe leictreonach an bonn teicniúil d'inrianaitheacht arm tine agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, d'armlón agus d'airm rabhaidh agus chomhartha, ba cheart go mbeadh sé ag feidhmiú go hiomlán a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun an sprioc sin a bhaint amach. I gcás ina bhfuil córais náisiúnta ag a bhfuil na feidhmiúlachtaí céanna nó feidhmiúlachtaí comhchosúla ann*** |

| | |
|---|---|
| | ***cheana, is féidir idirnasc leis an gcóras ceadúnúcháin leictreonach a bhunú eatarthu, ionas go mbeidh na húdaruithe allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin uile a dheonaítear ar fáil i mbunachar sonraí lárnach amháin.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 42 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(42a) Níor cheart an córas ceadúnas leictreonach a úsáid chun críocha atá lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) D'fhonn ***saintréithe teicniúla na n-arm tine leathchríochnaithe agus comhpháirteanna bunriachtanacha a leagan amach, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo*** a leasú ***agus liosta a choinneáil de na hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha , armlón agus airm rabhaidh agus chomhartha a bhfuil údarú ag teastáil ina dtaobh faoin*** Rialachán seo, ***ba cheart*** an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ***a tharmligean don Choimisiún*** i ndáil le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a ailíniú le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[43] agus le hIarscríbhinn I a ghabhann le (AE) | (47) Chun ***eilimintí neamhriachtanacha den*** Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ***ba cheart*** an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ***a tharmligean chuig an gCoimisiún***, i dtaca le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a ailíniú le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/43 ón gComhairle agus le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2021/555 ***agus maidir le rialacha a bhunú lena sainítear údarú ginearálta allmhairiúcháin an Aontais agus údarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas, lena mbunaítear deimhniú aonfhoirmeach úsáideora deiridh, lena mbunaítear na rialacha breise maidir leis na sonraí staidrimh a sholáthar agus maidir le*** faisnéis a mhalartú i ndáil le |

| | |
|---|---|
| 2021/555 ***agus*** i ndáil le saintréithe teicniúla na n-arm tine leathchríochnaithe agus comhpháirteanna bunriachtanacha a leagan amach agus le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán seo a oiriúnú do dhigitiú agus d'athruithe ar nósanna imeachta custaim. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[44]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | diúltuithe údaruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a dheonú, agus i ndáil le saintréithe teicniúla na n-athruithe ***leathchríochnaithe*** agus na n-athruithe custaim agus na gcomhpháirteanna leathchríochnaithe d'airm thine agus d'airm thine a leagan amach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[44]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |
| [43] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1). | [43] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1). |
| [44] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. | [44] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. ciallaíonn 'sonraí pearsanta' sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 iad;*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. ciallaíonn 'airm chomhionanna' airm ag a bhfuil saintréithe teicniúla comhionanna i ndáil le monaróir, branda nó déanamh, cineál, samhail, ábhar, calabra agus oibriú;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ciallaíonn ***'comhpháirteanna*** bunriachtanacha***' an bairille, an fráma, an glacadóir, is cuma an glacadóir uachtarach nó íochtarach atá i gceist, i gcás inarb infheidhme, an sleamhnán, an sorcóir, an bolta nó an craosbhloc , agus, ós rud é gur réada ar leithligh iad, áirítear iad i gcatagóir na n-arm tine ar a bhfuil siad feistithe nó ar a bhfuil beartaithe iad a fheistiú;*** | 3. ciallaíonn '***comhpháirt*** bhunriachtanach' ***comhpháirt bhunriachtanach mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1)(2) de Threoir 2021/555*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ciallaíonn 'airm thine dhíghníomhachtaithe' ***réada atá ag teacht ar dhóigh eile leis an sainmhíniú ar arm tine agus a cuireadh as feidhm go buan trí bhíthin a ndíghníomhachtaithe, á áirithiú go bhfuil na codanna bunriachtanacha ar fad do-úsáidte go buan agus nach bhféadfar iad a bhaint, a*** | 7. ciallaíonn 'airm thine dhíghníomhachtaithe' ***airm thine dhíghníomhachtaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1)(6) de Threoir 2021/555/AE***; |

***athsholáthar ná iad a mhodhnú chun an t-arm tine a athghníomhachtú ar bhealach ar bith, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2403*** ;

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. ciallaíonn 'airm rabhaidh agus chomhartha' ***gléasanna le coinneálaí cartús nach bhfuil deartha ach chun urchair chaocha, greannaitheoirí, substaintí gníomhacha eile nó urchair chomharthacha phiriteicniúla, agus an méid sin amháin, a scaoileadh, agus nach féidir iad a thiontú chun urchar, piléar nó diúracán a dhíchur trí ghníomhaíocht tiomántáin indóite***; | 8. ciallaíonn 'airm rabhaidh agus chomhartha' ***airm rabhaidh agus chomhartha mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1)(4) de Threoir 2021/555***; |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 29. ciallaíonn 'déileálaí' ***aon duine ar ceann díobh seo a leanas an cheird nó an gnó atá ag an duine sin, go hiomlán nó go páirteach***: | 29. ciallaíonn 'déileálaí' ***déileálaí mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1)(9) de Threoir 2021/555/AE***: |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) monarú, trádáil, malartú, fruiliú, deisiú, modhnú nó tiontú arm tine nó*** | ***scriosta*** |

***comhpháirteanna bunriachtanacha;***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) monarú, trádáil, malartú, modhnú nó tiontú armlóin;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 30 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 30. ciallaíonn 'bróicéir' ***aon duine, seachas déileálaí, ar ceann díobh seo a leanas an cheird nó an gnó atá ag an duine sin, go hiomlán nó go páirteach***: | 30. ciallaíonn 'bróicéir' bróicéir ***mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1)(10) de Threoir 2021/555/***: |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 30 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) caibidlíocht nó socrú idirbheart chun airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón a cheannach, a dhíol nó a sholáthar;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 30 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) aistriú arm tine, comhpháirteanna*** | ***scriosta*** |

***bunriachtanacha nó armlón a shocrú laistigh de Bhallstát, ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, ó Bhallstát chuig tríú tír nó ó thríú tír chuig Ballstát;***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 31 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) údarú allmhairiúcháin ginearálta ón Aontas i gcás allmhaireoirí a allmhairíonn chuig críoch chustaim an Aontais ar údarás é atá ar fáil do na hallmhaireoirí uile a chomhlíonann na coinníollacha agus na ceanglais a liostaítear i gCaibidil II den Rialachán seo agus sa ghníomh ***cur chun feidhme*** dá dtagraítear in Airteagal 9(8) den Rialachán seo; | (c) údarú allmhairiúcháin ginearálta ón Aontas i gcás allmhaireoirí a allmhairíonn chuig críoch chustaim an Aontais ar údarás é atá ar fáil do na hallmhaireoirí uile a chomhlíonann na coinníollacha agus na ceanglais a liostaítear i gCaibidil II den Rialachán seo agus sa ghníomh ***tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 9(8) den Rialachán seo; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 32 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) údarú onnmhairiúcháin ginearálta ón Aontas le haghaidh onnmhairithe chuig tíortha is cinn scríbe áirithe atá ar fáil do na honnmhaireoirí uile a chomhlíonann na coinníollacha agus na ceanglais a liostaítear i gCaibidil III den Rialachán seo agus sa ghníomh ***cur chun feidhme*** dá dtagraítear in Airteagal 15(7) ; | (c) údarú onnmhairiúcháin ginearálta ón Aontas le haghaidh onnmhairithe chuig tíortha is cinn scríbe áirithe atá ar fáil do na honnmhaireoirí uile a chomhlíonann na coinníollacha agus na ceanglais a liostaítear i gCaibidil III den Rialachán seo agus sa ghníomh ***tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 15(7) ; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) nuair a bheidh cúis aige lena chreidiúint go bhféadfadh sé nach gcomhlíonfaidh an t-arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, an t-armlón agus na hairm rabhaidh agus chomhartha atá i gceist reachtaíocht an Aontais maidir le hairm thine, na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 34(2) den Rialachán seo a chur ar an eolas faoi sin; | (d) nuair a bheidh cúis aige lena chreidiúint go bhféadfadh sé nach gcomhlíonfaidh an t-arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, an t-armlón agus na hairm rabhaidh agus chomhartha atá i gceist reachtaíocht an Aontais maidir le hairm thine, na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 34(2) den Rialachán seo a chur ar an eolas faoi sin ***gan mhoill***; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) a bheith cláraithe i mbunachair sonraí náisiúnta a choimeádann na húdaráis náisiúnta faoi seach*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás cleachtais náisiúnta éagsúla, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar liosta d'airm rabhaidh agus chomhartha nach bhfuil intiontaithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le nós imeachta an choiste dá dtagraítear in Airteagal 37. | 4. I gcás cleachtais náisiúnta éagsúla, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar liosta ***oscailte*** d'airm rabhaidh agus chomhartha nach bhfuil intiontaithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le nós imeachta an choiste dá dtagraítear in Airteagal 37. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh gá le húdarú allmhairiúcháin chun arm tine, comhpháirt bunriachtanach, armlón agus arm rabhaidh agus comhartha a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Bunófar an t-údarú allmhairiúcháin sin i gcomhréir leis an bhfoirm atá leagtha amach i gCuid I d'Iarscríbhinn II. Deonóidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-allmhaireoir bunaithe an t-údarú sin agus eiseofar é ***go leictreonach*** tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28. | 1. Beidh gá le húdarú allmhairiúcháin chun arm tine, comhpháirt bunriachtanach, armlón agus arm rabhaidh agus comhartha a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Bunófar an t-údarú allmhairiúcháin sin i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn II. Deonóidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-allmhaireoir bunaithe an t-údarú sin agus eiseofar é tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh na húdaráis inniúla iarratais ar údaruithe allmhairiúcháin a phróiseáil laistigh de thréimhse ama nach faide ná ***60*** lá oibre, ón dáta a mbeidh an fhaisnéis riachtanach go léir curtha ar fáil do na húdaráis inniúla. Faoi chúinsí eisceachtúla agus ar chúiseanna a bhfuil bonn cirt leo, féadfar an tréimhse sin a fhadú go tréimhse ***90*** lá oibre. | 4. Déanfaidh na húdaráis inniúla iarratais ar údaruithe allmhairiúcháin a phróiseáil laistigh de thréimhse ama nach faide ná ***45*** lá oibre, ón dáta a mbeidh an fhaisnéis riachtanach go léir curtha ar fáil do na húdaráis inniúla. Faoi chúinsí eisceachtúla agus ar chúiseanna a bhfuil bonn cirt leo, féadfar an tréimhse sin a fhadú go tréimhse ***70*** lá oibre. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Agus cinneadh á dhéanamh acu an ndeonófar údarú allmhairiúcháin faoin Rialachán seo, cuirfidh na Ballstáit na breithnithe ábhartha uile san áireamh, lena n-áirítear a n-oibleagáidí agus a ngealltanais mar pháirtithe i gconarthaí*** |

| | |
|---|---|
| | ***idirnáisiúnta ábhartha, breithnithe maidir le beartas náisiúnta eachtrach agus slándála, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Comhsheasamh 2008/944/CBES. Urramóidh siad freisin a n-oibleagáidí maidir le smachtbhannaí arna bhforchur le cinntí arna nglacadh ag an gComhairle, le cinntí ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) nó le rúin cheangailteacha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe maidir le trádbhaic arm.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 5 – fomhír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) is duine nádúrtha é an t-iarratasóir a bhfuil sé fionnta ina leith go bhfuil sé faoi éagumas meabhrach chun cuid dá ghnóthaí nó dá gnóthaí nó a ghnóthaí nó a gnóthaí ar fad a bhainistiú le cinneadh ó chúirt nó ó údarás riaracháin neamhspleách atá i bhfeidhm tráth a chuirtear an t-iarratas isteach;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfaidh údaráis inniúla údarú allmhairiúcháin a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm mura gcomhlíontar na coinníollacha chun é a dheonú nó mura bhfuil siad á gcomhlíonadh a thuilleadh. I gcás ina ndéanfaidh údaráis inniúla na cinntí sin, cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil do na húdaráis chustaim tríd an gcóras | 6. Déanfaidh na húdaráis inniúla údarú allmhairiúcháin a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm ***láithreach***, mura gcomhlíontar na coinníollacha chun é a dheonú nó mura bhfuil siad á gcomhlíonadh a thuilleadh. I gcás ina ndéanfaidh na húdaráis inniúla na cinntí seo, cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil do na húdaráis chustaim ***agus don*** |

| | |
|---|---|
| ceadúnúcháin leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28. | ***Choimisiún*** tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28, ***láithreach tar éis na cinntí sin a dhéanamh agus tráth nach déanaí ná 2 lá oibre ina dhiaidh sin***. ***Déanfaidh gach údarás náisiúnta custaim na cinntí sin a fhorfheidhmiú.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Chun críche mhír 5, seiceálfaidh na Ballstáit nach bhfuil taifead coiriúil ann sa Chóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla 'ECRIS' agus seiceálfaidh siad ar tuairiscíodh gur cailleadh, gur goideadh nó go bhfuil imscrúdú á dhéanamh ar an arm tine sna bunachair sonraí ábhartha ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. | 7. Chun críche mhír 5, seiceálfaidh ***na húdaráis inniúla i ngach Ballstát*** nach bhfuil taifead coiriúil ann sa Chóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla 'ECRIS' agus seiceálfaidh siad ar tuairiscíodh gur cailleadh, gur goideadh nó go bhfuil imscrúdú á dhéanamh ar an arm tine sna bunachair sonraí ábhartha ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun údarú allmhairiúcháin ginearálta ón Aontas a bhunú agus lena leagtar amach na coinníollacha maidir le hallmhairiú arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin ag oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh slándála agus sábháilteachta de bhun Airteagal 38(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 952/2013. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal*** | 8. ***Tabharfar de chumhacht*** don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a bhunú lena saineofar*** agus lena nglacfar gníomh cur chun feidhme chun údarú onnmhairiúcháin ginearálta ón Aontas a bhunú agus lena leagtar amach na coinníollacha maidir le honnmhairiú arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin ag oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh slándála agus sábháilteachta de bhun Airteagal 38(2), |

***37(2)***.

pointe (b), de Rialachán (AE) 952/2013.

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Ní cheanglófar ar an allmhaireoir táille ná muirear a íoc as an iarratas ar údarú allmhairiúcháin, ach amháin i gcás ***táillí*** tionlacain. | 9. Ní cheanglófar ar an allmhaireoir táille ná muirear a íoc as an iarratas ar údarú allmhairiúcháin, ach amháin i gcás ***táillí as an gcoinsíneacht*** a thionlacan. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní fhéadfaidh údaráis inniúla údaruithe onnmhairiúcháin a thabhairt le haghaidh airm thine i gcatagóir A agus i gcatagóir B d'Iarscríbhinn I ach amháin má tá deimhniú ***úsáideora deiridh arna sheachadadh*** ag ***údaráis*** na tíre cinn scríbe deiridh ag gabháil leis an iarratas ar údarú den sórt sin. In ***Iarscríbhinn IV***, ***leagtar amach inneachar*** an deimhnithe úsáideora deiridh. | 2. Ní fhéadfaidh údaráis inniúla údaruithe onnmhairiúcháin a dheonú d'airm thine chatagóirí A agus B d'Iarscríbhinn I ach amháin má tá deimhniú ***onnmhairiúcháin a chomhlíonann Iarscríbhinn IV arna eisiúint*** ag an allmhaireoir sa tír chinn scríbe deiridh ag gabháil leis an iarratas ar údarú den sórt sin. ***Maidir le honnmhairiú a dhéantar chuig cuideachta phríobháideach a dhéanann na hearraí a athdhíol ar mhargadh áitiúil, measfar gurb í an chuideachta sin an t-úsáideoir deiridh chun críocha an Rialacháin seo***. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh cur chun feidhme chun deimhniú*** | 3. ***Tabharfar de chumhacht*** don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe*** a |

***aonfhoirmeach úsáideora deiridh a bhunú***. ***Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin*** i gcomhréir leis ***an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in*** Airteagal ***37(2)***.

ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal ***36 chun deimhniú aonfhoirmeach onnmhairiúcháin a bhunú i gCuid II d'Iarscríbhinn IV***.

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh na Ballstáit iarratais ar údarú onnmhairiúcháin a phróiseáil laistigh de thréimhse ama, , nach faide ná ***60*** lá oibre, ón dáta a mbeidh an fhaisnéis riachtanach go léir curtha ar fáil do na húdaráis inniúla. Faoi chúinsí eisceachtúla agus ar chúiseanna a bhfuil bonn cirt leo, féadfaidh na húdaráis inniúla an tréimhse sin a fhadú go tréimhse ***90*** lá oibre. | 4. Déanfaidh na Ballstáit iarratais ar údarú onnmhairiúcháin a phróiseáil laistigh de thréimhse ama, , nach faide ná ***45*** lá oibre, ón dáta a mbeidh an fhaisnéis riachtanach go léir curtha ar fáil do na húdaráis inniúla. Faoi chúinsí eisceachtúla agus ar chúiseanna a bhfuil bonn cirt leo, féadfaidh na húdaráis inniúla an tréimhse sin a fhadú go tréimhse ***70*** lá oibre. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. Bainfidh na Ballstáit úsáid as doiciméid leictreonacha d'fhonn na hiarratais ar údarú onnmhairiúcháin a phróiseáil.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomh cur chun feidhme chun*** údarú onnmhairiúcháin ginearálta ón Aontas ***a*** | 7. ***Tabharfar de chumhacht don*** Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a*** ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 36*** |

| | |
|---|---|
| ***bhunú*** agus lena leagtar amach na coinníollacha maidir le honnmhairiú arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin ag oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh slándála agus sábháilteachta de bhun Airteagal 38(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 952/2013. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 37.*** | ***chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a bhunú lena saineofar*** údarú onnmhairiúcháin ginearálta ón Aontas a bhunú agus lena leagtar amach na coinníollacha maidir le honnmhairiú arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin ag oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh slándála agus sábháilteachta de bhun Airteagal 38(2f), pointe (b), de Rialachán (AE) 952/2013. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Ní cheanglófar ar an onnmhaireoir táille ná muirear a íoc as an iarratas ar údarú onnmhairiúcháin nó idirthurais laistigh den Aontas, cé is moite de ***tháillí*** tionlacain. | 8. Ní cheanglófar ar an onnmhaireoir táille ná muirear a íoc as an iarratas ar údarú onnmhairiúcháin nó idirthurais laistigh den Aontas, ach amháin i gcás ***táillí as an gcoinsíneacht*** a thionlacan. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) an faighteoir deiridh, ***más eol é tráth an lastais***; | (g) an faighteoir deiridh; |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú seo le haghaidh loighic inmheánach an téacs agus tá dlúthbhaint aige le leasuithe inghlactha eile a bhaineann le hallmhairiú agus onnmhairiú arm tine.*

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) Cuirfidh údaráis inniúla Ballstáit an próiseas onnmhairiúcháin ar fionraí le haghaidh tréimhse nach faide ná 10 lá oibre nó, más gá sin a dhéanamh, cuirfidh siad cosc ar bhealach eile ar airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón a chur amach as críoch chustaim an Aontais tríd an mBallstát sin, i gcás ina mbeidh forais amhrais acu faoi na cúiseanna a thug sealgairí nó lámhachóirí spóirt mar bhunús dóibh a bheith i gcomhréir leis na breithnithe ábhartha agus leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 18 den Rialachán seo. I gcúinsí eisceachtúla agus ar chúiseanna a bhfuil bonn cirt leo, féadfaidh na húdaráis inniúla an tréimhse dá dtagraítear sa phointe seo a fhadú go tréimhse ***30*** lá oibre. | (c) Cuirfidh údaráis inniúla Ballstáit an próiseas onnmhairiúcháin ar fionraí le haghaidh tréimhse nach faide ná 10 lá oibre nó, más gá sin a dhéanamh, cuirfidh siad cosc ar bhealach eile ar airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón a chur amach as críoch chustaim an Aontais tríd an mBallstát sin, i gcás ina mbeidh forais amhrais acu faoi na cúiseanna a thug sealgairí nó lámhachóirí spóirt mar bhunús dóibh a bheith i gcomhréir leis na breithnithe ábhartha agus leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 18 den Rialachán seo. I gcúinsí eisceachtúla agus ar chúiseanna a bhfuil bonn cirt leo, féadfaidh na húdaráis inniúla an tréimhse dá dtagraítear sa phointe seo a fhadú go tréimhse ***20*** lá oibre . |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus cinneadh á dhéanamh an dtabharfar údarú onnmhairiúcháin faoin Rialachán seo, cuirfidh na Ballstáit na breithnithe ábhartha ar fad san áireamh, lena n-áireofar na nithe seo a leanas***, i gcás inarb iomchuí***: | 1. Agus cinneadh á dhéanamh an dtabharfar údarú onnmhairiúcháin faoin Rialachán seo, cuirfidh na Ballstáit na breithnithe ábhartha ar fad san áireamh, lena n-áireofar na nithe seo a leanas: |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú seo le haghaidh loighic inmheánach an téacs agus tá dlúthbhaint aige le leasuithe inghlactha eile a bhaineann le hallmhairiú agus onnmhairiú arm tine.*

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) is duine nádúrtha é an t-iarratasóir a bhfuil sé fionnta ina leith go bhfuil sé faoi éagumas meabhrach chun cuid dá ghnóthaí nó dá gnóthaí nó a ghnóthaí nó a gnóthaí ar fad a bhainistiú le cinneadh ó chúirt nó ó údarás riaracháin neamhspleách atá i bhfeidhm tráth a chuirtear an t-iarratas isteach;*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina ndiúltaíonn na húdaráis inniúla údarú onnmhairiúcháin a thabhairt, nó ina ndéanann siad údarú onnmhairiúcháin a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm, cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil do na húdaráis chustaim tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28. | 3. I gcás ina ndiúltaíonn na húdaráis inniúla údarú onnmhairiúcháin a thabhairt, nó ina ndéanann siad údarú onnmhairiúcháin a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm, cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil ***gan mhoill*** do na húdaráis chustaim tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28. ***An oibleagáid sin chun faisnéis a chur ar fáil, beidh sí gan dochar d'aon nós imeachta achomhairc a d'fhéadfadh a bheith infheidhme faoin dlí náisiúnta.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina bhfuil údarú onnmhairiúcháin curtha ar fionraí ag na húdaráis inniúla, cuirfear a measúnú deiridh in iúl do na Ballstáit eile ag deireadh na tréimhse fionraí, tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach dá dtagraítear in | 4. I gcás ina bhfuil údarú onnmhairiúcháin curtha ar fionraí ag na húdaráis inniúla, cuirfear a measúnú deiridh in iúl ***láithreach*** do na Ballstáit eile ag deireadh na tréimhse fionraí, tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach dá |

| | |
|---|---|
| Airteagal 28. | dtagraítear in Airteagal 28***, a luaithe a dhéanfar an measúnú deiridh agus tráth nach déanaí ná dhá lá oibre ina dhiaidh sin***. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás inar dhiúltaigh na húdaráis inniúla údarú onnmhairiúcháin a dheonú, clárófar a measúnú deiridh sa chóras dá dtagraítear in Airteagal 29. | 5. I gcás inar dhiúltaigh na húdaráis inniúla údarú onnmhairiúcháin a dheonú, clárófar a measúnú deiridh sa chóras dá dtagraítear in Airteagal 29, ***díreach tar éis an measúnú deiridh sin a dhéanamh agus tráth nach déanaí ná dhá lá oibre ina dhiaidh sin***. <br>. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 6 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I dtús báire, féadfaidh siad dul i gcomhairle le húdaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát a d’eisigh diúltaithe, neamhnithe, fionraithe, modhnuithe nó cúlghairmeacha faoi mhír 1 , 3 agus 5 . Má chinneann údaráis inniúla an Bhallstáit údarú a thabhairt, tar éis an chomhairliúcháin sin, tabharfaidh siad fógra d’údaráis inniúla na mBallstát eile, lena soláthrófar an fhaisnéis ábhartha ar fad d’fhonn an cinneadh a mhíniú. | I dtús báire, féadfaidh siad dul i gcomhairle le húdaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát a d’eisigh diúltaithe, neamhnithe, fionraithe, modhnuithe nó cúlghairmeacha faoi mhír 1 , 3 agus 5 . Má chinneann údaráis inniúla an Bhallstáit údarú a thabhairt, tar éis an chomhairliúcháin sin, tabharfaidh siad fógra ***gan mhoill*** d’údaráis inniúla na mBallstát eile, agus don Choimisiún, lena soláthrófar an fhaisnéis ábhartha ***agus na réasúnuithe*** ar fad chun an cinneadh a mhíniú. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Seiceálfaidh na húdaráis inniúla gach bliain go bhfuil coinníollacha an údaraithe á gcomhlíonadh le linn thréimhse an údaraithe. ***Féadfaidh*** seiceálacha den sórt sin a bheith bunaithe ar shamplaí ionadaíocha de na húdaruithe uile atá i bhfeidhm. Déanfaidh na húdaráis inniúla gach údarú onnmhairiúcháin a fhíorú ar bhonn aonair gach ***trí*** bliana ar a laghad. Tuairisceoidh na Ballstáit don Ghrúpa Comhordúcháin maidir le torthaí na seiceálacha agus na bhfíoruithe Pléifear na tuarascálacha sa Ghrúpa Comhordúcháin arna bhunú le hAirteagal 33. | 8. Seiceálfaidh na húdaráis inniúla gach bliain go bhfuil coinníollacha an údaraithe á gcomhlíonadh le linn thréimhse an údaraithe. ***Beidh*** na seiceálacha sin bunaithe ar shamplaí ionadaíocha de na húdaruithe uile atá i bhfeidhm. Déanfaidh na húdaráis inniúla gach údarú onnmhairiúcháin a fhíorú ar bhonn aonair gach ***2*** bhliain ar a laghad. Tuairisceoidh na Ballstáit don Ghrúpa Comhordúcháin maidir le torthaí na seiceálacha agus na bhfíoruithe Pléifear na tuarascálacha sa Ghrúpa Comhordúcháin arna bhunú le hAirteagal 33. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Laistigh de ***dhá mhí*** tar éis imeacht ó chríoch chustaim an Aontais, cuirfidh an t-onnmhaireoir cruthúnas ar fáil don údarás inniúil a sheachaid an t-údarú onnmhairiúcháin go bhfuarthas an lastas seolta d’airm thine, de chomhpháirteanna bunriachtanacha nó d’armlón sa tríú tír is allmhaireoir, rud a áiritheofar go háirithe trí na doiciméid allmhairiúcháin custaim ábhartha a sholáthar. | 1. Laistigh de ***mhí amháin*** tar éis imeacht ó chríoch chustaim an Aontais, cuirfidh an t-onnmhaireoir cruthúnas ar fáil don údarás inniúil a sheachaid an t-údarú onnmhairiúcháin go bhfuarthas an lastas seolta d’airm thine, de chomhpháirteanna bunriachtanacha nó d’armlón sa tríú tír is allmhaireoir, rud a áiritheofar go háirithe trí na doiciméid allmhairiúcháin custaim ábhartha a sholáthar. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***1a. Déanfaidh an t-údarás inniúil an cruthúnas go bhfuarthas an lastas dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a uaslódáil isteach sa chóras ceadúnúcháin leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28. I gcás nach bhfaighidh an t-údarás inniúil cruthúnas go bhfuarthas an lastas ón onnmhaireoir, déanfaidh sé an fhaisnéis sin a thaifeadadh sa chóras ceadúnúcháin leictreonach sin.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. In éagmais cruthúnas den sórt sin go bhfuarthas na lastais a seoladh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo laistigh de ***dhá mhí*** ó imeacht ó chríoch custam an Aontais, nó i gcás amhras, iarrfaidh údarás inniúil na mBallstát ar na húdaráis chustaim onnmhairiúcháin láithreach a dhearbhú gur taisceadh dearbhú onnmhairiúcháin agus gur imigh airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón mar a liostaítear in Iarscríbhinn I ó chríoch custam an Aontais, agus iarrfaidh sé ar an tríú tír is allmhaireoir a dhearbhú go bhfuarthas an lastas a seoladh d'airm thine, dá gcomhpháirteanna bunriachtanacha nó d'armlón. | 2. In éagmais cruthúnas den sórt sin go bhfuarthas na lastais a seoladh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo laistigh de ***mhí amháin*** ó imeacht ó chríoch custam an Aontais, nó i gcás amhras, iarrfaidh údarás inniúil na mBallstát ar na húdaráis chustaim onnmhairiúcháin láithreach a dhearbhú gur taisceadh dearbhú onnmhairiúcháin agus gur imigh airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón mar a liostaítear in Iarscríbhinn I ó chríoch custam an Aontais, agus iarrfaidh sé ar an tríú tír is allmhaireoir a dhearbhú go bhfuarthas an lastas a seoladh d'airm thine, dá gcomhpháirteanna bunriachtanacha nó d'armlón. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás nach mbeidh an t-údarás inniúil in ann dearbhú a fháil go bhfuarthas an lastas ón tríú tír is allmhaireoir, mar a leagtar amach i mír 2*** |

| | |
|---|---|
| | ***den Airteagal seo, déanfaidh sé taifead ar an bhfaisnéis sin sa chóras ceadúnúcháin leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***I gcás amhrais,*** déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla a thugann an t-údarú onnmhairiúcháin seiceálacha iarlastála chun a áirithiú go bhfuil na hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón a onnmhairítear i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh sa deimhniú ***úsáideora deiridh*** mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. | 1. Déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla a thugann an t-údarú onnmhairiúcháin seiceálacha iarlastála ***rialta, ní hamháin i gcás amhrais ach go randamach freisin***, chun a áirithiú go bhfuil na hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón a onnmhairítear i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh sa deimhniú ***onnmhairiúcháin*** mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críocha na míre roimhe seo, féadfaidh aon aon tríú páirtí seiceálacha iarlastála a dhéanamh más tríú páirtí é atá ***sainordaithe*** go sainráite chun na críche sin ag an gCoimisiún nó ag na Ballstáit lena mbaineann. | 2. Chun críocha na míre roimhe seo, féadfaidh aon aon tríú páirtí seiceálacha iarlastála a dhéanamh más tríú páirtí é atá ***údaraithe*** go sainráite chun na críche sin ag an gCoimisiún nó ag na Ballstáit lena mbaineann. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh na cumhachtaí agus na | 4. Beidh na cumhachtaí agus na |

hacmhainní is gá ag na húdaráis chustaim chun a gcúraimí a chomhlíonadh go cuí faoin Rialachán seo.

hacmhainní is gá ag na húdaráis chustaim, ***i gcomhréir le cainníocht na n-údaruithe bliantúla iomlána agus na ndearbhuithe bliantúla iomlána le haghaidh airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, a n-armlón nó na airm rabhaidh agus chomhartha mar a liostaítear in Iarscríbhinn I*** chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh go cuí.

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Comhoibreoidh an Coimisiún, na húdaráis inniúla agus na húdaráis chustaim go dlúth le chéile agus malartóidh siad faisnéis. | 1. Comhoibreoidh an Coimisiún, na húdaráis inniúla agus na húdaráis chustaim go dlúth le chéile agus malartóidh siad faisnéis ***go rialta agus ar bhonn ceangailteach***. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Más rud é, i ndáil le hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, armlón agus airm rabhaidh agus chomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I atá á stóráil go sealadach nó a chuirtear faoi aon nós imeachta custaim, go bhfuil cúis ag na húdaráis chustaim a chreidiúint nach bhfuil na táirgí sin comhlíontach, déanfaidh siad, sa bhreis ar na bearta is gá a dhéanamh mar a shonraítear in Airteagal 22, an fhaisnéis ábhartha ar fad a tharchur chuig na húdaráis inniúla. | 3. Más rud é, i ndáil le hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, armlón agus airm rabhaidh agus chomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I atá á stóráil go sealadach nó a chuirtear faoi aon nós imeachta custaim, go bhfuil cúis ag na húdaráis chustaim a chreidiúint nach bhfuil na táirgí sin comhlíontach, déanfaidh siad, sa bhreis ar na bearta is gá a dhéanamh mar a shonraítear in Airteagal 22, an fhaisnéis ábhartha ar fad a tharchur chuig na húdaráis inniúla ***agus don Choimisiún gan mhoill***. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 4 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** na húdaráis chustaim allmhairiú na n-earraí le haghaidh an nós imeachta custaim lena mbaineann a chur ar fionraí, má bhíonn amhras áirithe orthu agus i gcás den sórt sin, cuirfidh siad an méid sin in iúl trí mheán leictreonach don údarás inniúil náisiúnta a ghlacfaidh an cinneadh maidir le cóireáil na n-earraí. Mura dtabharfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta freagra don údarás custaim laistigh de ***10*** lá oibre, scaoilfidh an t-údarás custaim na hearraí. | ***Déanfaidh*** na húdaráis chustaim allmhairiú na n-earraí le haghaidh an nós imeachta custaim lena mbaineann a chur ar fionraí, má bhíonn amhras áirithe ***réasúnta*** orthu agus sa chás sin, cuirfidh siad an méid sin in iúl ***láithreach***, trí mheán leictreonach don údarás inniúil náisiúnta a ghlacfaidh an cinneadh maidir le cóireáil na n-earraí. Mura dtabharfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta freagra don údarás custaim laistigh de ***20*** lá oibre, scaoilfidh an t-údarás custaim na hearraí ***gan mhoill***. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Le linn na tréimhse nó na tréimhse fadaithe dá dtagraítear i mír 4, ***onnmhaireoidh*** na Ballstáit na hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón, nó gníomhóidh siad de bhun Airteagal 19 (1), pointe (b). | 5. Le linn na tréimhse nó na tréimhse fadaithe dá dtagraítear i mír 4, ***scaoilfidh*** na Ballstáit leis na hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón, nó gníomhóidh siad de bhun Airteagal 19 (1), pointe (b). |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina dtiocfaidh údaráis chustaim ar lastas aindleathach arm tine, a gcomhpháirteanna, armlón nó arm rabhaidh agus chomhartha, cuirfidh siad é sin in iúl gan mhoill don údarás inniúil i dtír an údaráis custaim. Déanfaidh an t- | I gcás ina dtiocfaidh údaráis chustaim ar lastas aindleathach arm tine, a gcomhpháirteanna, armlón nó arm rabhaidh agus comhartha, cuirfidh siad é sin in iúl gan mhoill ***agus tráth nach déanaí ná 2 lá oibre ón aimsiú*** sin don |

| | |
|---|---|
| údarás inniúil sin an méid seo a leanas: | údarás inniúil i dtír an údaráis custaim sin. Déanfaidh an t-údarás inniúil sin an méid seo a leanas: |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na húdaráis chustaim, a tháinig ar lastas aindleathach na n-arm tine, a gcomhpháirteanna agus an armlóin, na hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, an t-armlón nó na hairm rabhaidh agus chomhartha a urghabháil go dtí go gcinnfidh an t-údarás inniúil cinn scríbe i gcríoch chustaim an Aontais a mhalairt agus go mbeidh an cinneadh sin curtha in iúl acu i scríbhinn don údarás inniúil i dtír an údaráis custaim ina gcoinnítear lastas aindleathach na n-arm tine, a gcomhpháirteanna, an armlóin nó na n-arm rabhaidh agus comhartha. | Déanfaidh na húdaráis chustaim, a tháinig ar lastas aindleathach na n-arm tine, a gcomhpháirteanna agus an armlóin, na hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, an t-armlón nó na hairm rabhaidh agus chomhartha a urghabháil go dtí go gcinnfidh an t-údarás inniúil cinn scríbe i gcríoch chustaim an Aontais a mhalairt agus go mbeidh an cinneadh sin curtha in iúl acu i scríbhinn don údarás inniúil i dtír an údaráis custaim ina gcoinnítear lastas aindleathach na n-arm tine, a gcomhpháirteanna, an armlóin nó na n-arm rabhaidh agus comhartha. ***I gcás ina mbeidh cinneadh den sórt sin déanta ag údarás inniúil cinn scríbe i gcríoch chustaim an Aontais, cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl i scríbhinn do na húdaráis chustaim a d'aimsigh an lastas aindleathach tráth nach déanaí ná 2 lá oibre ón gcinneadh sin a dhéanamh.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás amhrais faoi gháinneáil ar airm thine, ar a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, ar armlón nó ar airm rabhaidh agus chomhartha, déanfaidh an t-údarás custaim an fhaisnéis a bhaineann le hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón a urghabhadh | 2. I gcás amhras ***réasúnta*** faoi gháinneáil ar airm thine, ar a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, ar armlón nó ar airm rabhaidh agus chomhartha, déanfaidh an t-údarás custaim an fhaisnéis a bhaineann le hairm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus |

| | |
|---|---|
| le linn rialuithe custaim a chomhroinnt leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 34(2) den Rialachán seo trí Fheidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise de chuid Europol. | armlón a urghabhadh le linn rialuithe custaim a chomhroinnt leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 34(2) den Rialachán seo trí Fheidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise de chuid Europol***, agus sonrófar an réasúnú agus an cruthúnas a bhaineann leis an amhras réasúnta***. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áireofar ar na sonraí urghabhála, ***má tá sí ar fáil***, an fhaisnéis seo a leanas: | 3. Áireofar ar na sonraí urghabhála an fhaisnéis seo a leanas: |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) modh iompair agus náisiúntacht na cuideachta iompair nó an duine, lena n-áirítear, de réir mar a bheidh, 'coimeádán', 'leoraí nó veain', 'feithicil phearsanta', 'bus nó cóiste', 'traein', 'eitlíocht tráchtála', 'eitlíocht ghinearálta' nó 'lasta sa phost agus beartáin'; | (g) modh iompair agus náisiúntacht na cuideachta iompair nó an duine, lena n-áirítear, de réir mar a bheidh, 'coimeádán', 'leoraí nó veain', 'feithicil phearsanta', 'bus nó cóiste', 'traein', 'eitlíocht tráchtála', 'eitlíocht ghinearálta' nó 'lasta sa phost agus beartáin'***, agus, i gcás inarb infheidhme, cláruimhir de na modhanna iompair a úsáidtear***; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit a sonraí bliantúla náisiúnta don bhliain roimhe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin ***faoi rún*** | 1. Cuirfidh na Ballstáit a gcuid sonraí bliantúla náisiúnta don bhliain roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin ***trí mhodhanna*** |

| | |
|---|---|
| ***trí ríomhphost*** faoin 31 Iúil gach bliain maidir leis an méid seo a leanas: | ***oiriúnacha rúnda, lena n-áirítear tríd an gcóras slán agus criptithe atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 29,*** gach bliain faoin 31 Iúil, maidir leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) líon na n-údaruithe agus na ndiúltuithe, cainníochtaí agus luachanna allmhairí agus onnmhairí iarbhír arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin, de réir catagóire agus fochatagóire mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, de réir tionscnaimh agus de réir ceann scríbe; | (a) líon na n-údaruithe agus na ndiúltuithe ***agus na cúiseanna leo sin***, cainníochtaí agus luachanna allmhairí agus onnmhairí iarbhír arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin, de réir catagóire agus fochatagóire mar a liostaítear in Iarscríbhinn I***, de réir tionscnaimh agus de réir ceann scríbe, cainníocht agus torthaí na seiceálacha iarloingsithe ar leibhéal an Bhallstáit, cainníocht agus torthaí na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a rinneadh dá dtagraítear in Airteagal 32 ar leibhéal an Bhallstáit***; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha cur chun feidhme*** lena mbunófar ***na*** rialacha agus an fhormáid a bheidh le húsáid ag na Ballstáit chun sonraí staidrimh anaithnidithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a sholáthar don Choimisiún. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 37.*** | 3. ***Tabharfar de chumhacht don*** Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí*** rialacha ***breise*** agus formáid a bhunú a úsáidfidh na Ballstáit chun sonraí staidrimh anaithnidithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a sholáthar don Choimisiún. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún córas ceadúnúcháin leictreonach a bhunú agus a choinneáil ar bun d'údaruithe allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus do chinntí a bhaineann leo de bhun Airteagal 9 agus Airteagal 14 den Rialachán seo. | Déanfaidh an Coimisiún córas ceadúnúcháin leictreonach a bhunú ***gan mhoill*** agus a choinneáil ar bun d'údaruithe allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus do chinntí a bhaineann leo de bhun Airteagal 9 agus Airteagal 14 den Rialachán seo. ***Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun dlús a chur le cur chun feidhme an chórais cheadúnúcháin leictreonaigh. Bunófar feidhmiúlachtaí uile an chórais ceadúnúcháin faoin... [5 bliana tar éis ghlacadh an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a bhunú maidir le feidhmiú an chórais ceadúnúcháin leictreonaigh, lena n-áirítear rialacha a bhaineann ***le sonraí pearsanta a phróiseáil agus le sonraí a mhalartú le córais TF eile***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 37. | 2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a bhunú maidir le feidhmiú an chórais ceadúnúcháin leictreonaigh, lena n-áirítear rialacha a bhaineann le ***sonraí a mhalartú le córais TF eile de chuid chomhlachtaí an Aontais agus údaráis inniúla na mBallstát chun an Rialachán seo a chur chun feidhme***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 37. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Déanfar próiseáil sonraí pearsanta laistigh den chóras ceadúnúcháin leictreonach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 nó Rialachán (AE) 2016/679, de réir mar is infheidhme.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordúcháin arna bhunú le hAirteagal 33, córas slán criptithe a fhorbairt nó a roghnú chun ***tacú*** le comhar díreach agus le malartú faisnéise idir na Ballstáit i ndáil le diúltuithe údaruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a dheonú. | 1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordúcháin arna bhunú le hAirteagal 33, ***Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle***, córas slán criptithe a fhorbairt nó a roghnú chun comhar díreach agus malartú faisnéise a ***ráthú*** idir na Ballstáit i ndáil le diúltuithe údaruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a dheonú. ***Bunófar an córas faoin ... [2 bhliain tar éis ghlacadh an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an Coimisiún, ***trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme***, rialacha ***a bhunú*** maidir le feidhmiú an mhalartaithe faisnéise idir na Ballstáit i ndáil le diúltuithe údaruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a dheonú. ***Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(2) den Rialachán seo.*** | 3. ***Tabharfar de chumhacht*** don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí*** rialacha ***breise*** a bhunú maidir le feidhmiú an mhalartaithe faisnéise idir na Ballstáit i ndáil le diúltú údaruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a dheonú. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Déanfar próiseáil sonraí pearsanta laistigh den chóras ceadúnúcháin leictreonach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 nó Rialachán (AE) 2016/679, de réir mar is infheidhme.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. D'fhonn a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm i gceart, glacfaidh na Ballstáit na bearta comhréireacha is gá chun go mbeidh sé de chumas ag a n-údaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh: | 1. D'fhonn a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm i gceart, glacfaidh na Ballstáit na bearta comhréireacha ***agus soláthróidh siad na hacmhainní is gá*** chun go mbeidh sé de chumas ag a n-údaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. | 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos, ***tabharfaidh siad fógra don Choimisiún Eorpach fúthu*** agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***Féadfar pionóis i leith sáruithe ar an Rialachán seo a nascadh le hioncam bliantúil foriomlán an ghnóthais lena*** |

| | |
|---|---|
| | ***mbaineann.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a)*** an t-údarás náisiúnta ***i ngach Ballstát*** atá freagrach ***as*** rialú lárnach na n-arm tine agus as comhordú na n-údarás éagsúil a bhfuil inniúlachtaí acu sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar airm thine (pointí fócasacha náisiúnta arm tine); | ***(a)*** an t-údarás náisiúnta atá freagrach ***as*** rialú lárnach na n-arm tine agus as comhordú na n-údarás éagsúil a bhfuil inniúlachtaí acu sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar airm thine (pointí fócasacha náisiúnta arm tine); |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, déanfaidh an Coimisiún liosta na n-údarás sin a fhoilsiú agus a nuashonrú ar a shuíomh gréasáin ***ar bhonn bliantúil***, | Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, déanfaidh an Coimisiún liosta de na húdaráis sin a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar a shuíomh gréasáin ***de réir mar a tharlaíonn athruithe agus nuair a tharlóidh athruithe.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe um Allmhairí agus Onnmhairiú Arm Tine, tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Tuarascáil phoiblí a bheidh sa tuarascáil bhliantúil sin. Áireofar ann faisnéis faoi líon na n-*** |

***údaruithe agus na ndiúltuithe, faoi chainníochtaí agus faoi luachanna allmhairí agus onnmhairí iarbhír arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón, de réir catagóire agus fochatagóire mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, de réir tionscnaimh agus de réir ceann scríbe ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. Áireofar ann freisin faisnéis maidir le riarachán, go háirithe soláthar foirne, agus forfheidhmiú rialuithe, go háirithe líon agus torthaí na seiceálacha tar éis a loingsithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Tabharfar eolas sa tuarascáil freisin faoi phionóis arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit agus déanfar measúnú ar a n-éifeachtacht.***

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Arna iarraidh sin ag an nGrúpa Comhordúcháin, agus ar aon chuma gach ***10*** mbliana déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus tíolacfaidh sé tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin, a bhféadfadh moltaí a bheith inti i leith an Rialachán a leasú. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis iomchuí uile don Choimisiún chun an tuarascáil a ullmhú, . Foilseoidh an Coimisiún an chéad tuarascáil eatramhach maidir le cur i bhfeidhm laistigh de 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo . | 3. Arna iarraidh sin don Ghrúpa Comhordúcháin ***nó do Pharlaimint na hEorpa*** agus in aon chás gach ***5*** bliana, déanfaidh an Coimisiún, ***ar bhonn na dtuarascálacha bliantúla cur chun feidhme***, athbhreithniú mionsonraithe ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus tíolacfaidh sé tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin, a bhféadfadh moltaí a bheith inti i leith an Rialachán a leasú. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis chuí uile don Choimisiún chun an tuarascáil a ullmhú. Foilseoidh an Coimisiún an chéad tuarascáil eatramhach maidir le cur i bhfeidhm laistigh de ***3*** bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo . |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal*** 35 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. | 2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in ***Airteagail 9(8), 14(3), 15(7), 27(3), 29(3) agus*** 35 a ghlacadh don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal*** 35 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonraítear inti. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagail 9(8), 14(3), 15(7), 27(3), 29(3) agus*** 35 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonraítear inti. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal*** 35 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar | 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail ***9(8), 14(3), 15(7), 27(3), 29(3) agus*** 35 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an |

| | |
|---|---|
| éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear fadú dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear fadú dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – fo-cheannteideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Deimhniú ***úsáideora deiridh*** | Deimhniú ***onnmhairiúcháin*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuimseofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa deimhniú ***úsáideora deiridh***: | Cuimseofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa deimhniú ***onnmhairiúcháin***: |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sonraí an ***úsáideora deiridh*** (lena n-áirítear ainm, seoladh, ainm gnó agus, má tá fáil uirthi, cláruimhir na cuideachta). Maidir le honnmhairiú a dhéantar chuig cuideachta phríobháideach a dhéanann na hearraí a athdhíol ar mhargadh áitiúil, measfar gurb í an chuideachta sin an ***t-*** | (b) sonraí an ***allmhaireora*** (lena n-áirítear ainm, seoladh, ainm gnó agus, má tá fáil uirthi, cláruimhir na cuideachta). Maidir le honnmhairiú a dhéantar chuig cuideachta phríobháideach a dhéanann na hearraí a athdhíol ar mhargadh áitiúil, measfar gurb í an chuideachta sin an ***t-*** |

| | |
|---|---|
| ***úsáideoir deiridh*** chun críocha an Rialacháin seo. Ní choiscfidh an méid sin ar na Ballstáit meastóireacht éagsúil a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais a bhaineann le honnmhairí chuig athdhíoltóirí, seachas mar a dhéantar i gcás iarratais ar cheadúnais a bhaineann le honnmhairí chuig ***úsáideoirí deiridh***; | ***allmhaireoir*** chun críocha an Rialacháin seo. Ní choiscfidh an méid sin ar na Ballstáit meastóireacht éagsúil a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais a bhaineann le honnmhairí chuig athdhíoltóirí, seachas mar a dhéantar i gcás iarratais ar cheadúnais a bhaineann le honnmhairí chuig ***allmhaireoirí***; |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) síniú, ainm agus teideal an ***úsáideora deiridh*** | (f) síniú, ainm agus teideal an ***allmhaireora***; |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) dáta eisiúna an deimhnithe ***úsáideora deiridh***; | (i) dáta eisiúna an deimhnithe ***onnmhairiúcháin***; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) más infheidhme, uimhir aitheantais uathúil nó uimhir chonartha uathúil a bhaineann leis an deimhniú ***úsáideora deiridh***; | (j) más infheidhme, uimhir aitheantais uathúil nó uimhir chonartha uathúil a bhaineann leis an deimhniú ***onnmhairiúcháin***; |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá na huimhreacha scanrúil: Meastar go bhfuil 35 mhilliún arm tine aindleathach i lámha na sibhialtach, arb ionann iad agus níos mó ná 50 faoin gcéad de na hairm thine ar fad san Aontas Eorpach. Tuairiscítear i gCóras Faisnéise Schengen gur cailleadh nó gur goideadh thart ar 630,000 d'airm thine sibhialtacha. Is léir nach leor na rialacha atá ann faoi láthair. Is bagairt shuntasach don tsábháilteacht phoiblí é iomadú na n-arm tine aindleathach. Ní féidir glacadh leis sin agus is tá sé thar am creat dlíthiúil níos láidre a bhunú chun trádáil aindleathach arm tine le haghaidh úsáid shibhialtach a chomhrac.

Ní mór níos mó freagrachta a ghlacadh maidir le hinrianaitheacht arm tine a dhíoltar, mar shampla chuig margadh SAM - ceann de phríomhchinn scríbe airm thine na hEorpa. Ní mór dúinn oibriú i dtreo níos mó trédhearcachta chun léargas a fháil ar cé atá ag fáil arm tine le haghaidh úsáid shibhialtach ón Aontas Eorpach. Ag féachaint ar an dul chun cinn a rinneadh le déanaí leis na rialacha níos déine maidir leis an gcóras rialaithe onnmhairí dé-úsáide agus leis an rialachán maidir le frith-chéastóireacht, tá sé thar am na rialacha maidir leis na bearta allmhairithe, onnmhairithe agus idirthurais le haghaidh arm tine, a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armlón a nuashonrú agus a neartú. Ní mór dúinn a chinntiú nach bhfuil na hairm seo á scaipeadh agus an baol mí-úsáide a íoslaghdú. Ina theannta sin, molaim go ndéanfar seiceáil cheart ar airm thine a thagann isteach san Aontas Eorpach, go háirithe iad siúd a thagann ó iar-réigiúin coinbhleachta.

Agus é sin ráite, is díol sásaimh dom an togra ón gCoimisiún Eorpach. Aontaím go láidir gur gá an bhéim is mó a chur ar inrianaitheacht. Is é an bonn chun é sin a bhaint amach, ar thaobh amháin, digitiú na sonraí is gá agus, ar an taobh eile, malartú cuí faisnéise idir na húdaráis inniúla agus na húdaráis chustaim, ní hamháin ar an leibhéal náisiúnta ach idir na Ballstáit freisin. D'fhonn inrianaitheacht a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach allmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú a rianú agus a chinntiú go bhfuil ceadúnaithe ag déileálaithe ag an am céanna, agus go ndéantar leath-chomhpháirteanna agus páirteanna a sheiceáil agus a chlárú freisin.

Is iad inrianaitheacht agus trédhearcacht na príomhghnéithe d'fheidhmiú na rialacha nua. Mar Rapóirtéir don Togra seo a thíolaic an Coimisiún Eorpach, is é mo thuairim gur túsphointe maith iad na céimeanna atá molta chun feabhas a chur ar rialacháin arm tine. Creidim, áfach, go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe chun a áirithiú go mbeidh na rialacha nuashonraithe níos éifeachtaí fós sa chomhrac i gcoinne airm thine aindleathacha.

Ar an gcéad dul síos, ní mór dúinn díriú ar cháilíocht na sonraí. Ní hamháin gur cheart líon na ndiúltuithe a bheith sna tuarascálacha bliantúla ó na Ballstáit ach ba cheart na cúiseanna leis na diúltuithe a bheith iontu freisin. Thairis sin, ba cheart go n-áireofaí iontu freisin líon na seiceálacha tar éis a loingsithe agus na torthaí. Leis an bhfaisnéis sin, bíonn sé i bhfad níos simplí an reachtaíocht a mheas agus a fheabhsú amach anseo.

Chun trédhearcacht a mhéadú, ba cheart staidreamh na tuarascála bliantúla a chur ar fáil go poiblí. Cuireann an chéim seo ar chumas shaoránaigh an Aontais Eorpaigh rochtain dhíreach a bheith acu ar fhaisnéis ábhartha. Níor cheart aon rún a bheith ann maidir le líon na n-arm tine sibhialtach, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón, a thagann isteach san Aontas Eorpach agus a théann amach as. Tá sé de cheart ag saoránaigh na hEorpa eolas a bheith acu ar na huimhreacha.

Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach ról níos fairsinge a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa i rialú an chur chun feidhme agus i bhforbairt bhreise an rialacháin. Dá bhrí sin, ba cheart an chuid is mó de na gníomhartha cur chun feidhme atá beartaithe a athrú ina ngníomhartha tarmligthe. Mar shampla, tá sé thar a bheith tábhachtach do rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa i mbunú deimhnithe aonfhoirmeacha úsáideora deiridh chomh maith leis na rialacha maidir le sonraí staidrimh anaithnidithe a sholáthar ón mBallstát nó maidir le feidhmiú an mhalartaithe faisnéise idir na Ballstáit. Cinnteoidh ár rannpháirtíocht ghníomhach maoirseacht dhaonlathach agus treiseofar cuntasacht.

Gné ríthábhachtach eile is ea an digitiú gasta agus ní mór aird a thabhairt uirthi. Tá sé do-ghlactha go bhfuil formhór mór na mBallstát fós ag baint úsáid as páipéarachas. Ní oibreoidh an córas iomlán ar an mbealach is fearr go dtí go mbeidh rialú digiteach láraithe uile-Aontais ar údaruithe i bhfeidhm go hiomlán. Ní mór dúinn, dá bhrí sin, béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé am tapa cur chun feidhme a bheith ann le spriocdhátaí soiléire don bhunachar sonraí lárnach, toisc go bhfuil práinn leis an gceist. Trí dhigitiú níos tapa a bhaint amach, is féidir linn gluaiseacht arm tine a rianú go héifeachtach.

Ina theannta sin, molaim teastas úsáideora deiridh a chur leis le haghaidh airm tine ‘chatagóir C’. Cuirfidh an deimhniú sin sraith bhreise rialaithe ar fáil, lena n-áiritheofar go ndéanfar gach arm tine laistigh den raon feidhme a rianú go leordhóthanach.

Ní mór rialuithe tar éis a loingsithe a bheith ina bpointe lárnach inár n-iarrachtaí chun trédhearcacht a choinneáil. Tá seiceálacha rialta i ndiaidh lastais riachtanach chun a ráthú go bhfuiltear ag cloí go héifeachtach leis an rialachán a chuirtear amach sa togra. Ní mór don sásra tuairiscithe sin a bheith trédhearcach agus cuimsitheach, lena dtabharfar forléargas soiléir ar na leibhéil chomhlíonta. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh siad acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun seiceálacha agus rialuithe a dhéanamh.

Ar deireadh, ní mór dúinn smachtbhannaí soiléire a bhunú chun an rialachán a threisiú. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh na Ballstáit rannpháirteach go gníomhach agus go léireoidh siad trédhearcacht. I gcás sáruithe ar an rialachán seo, neartóidh smachtbhannaí soiléire agus láidre, do chuideachtaí agus do dhaoine, sláine na rialachán. Gearrfar pionós dá réir agus go comhréireach ar na cuideachtaí sin i gcomhréir lena láimhdeachas domhanda bliantúil.

Mar fhocal scoir, cé gur céim chun cinn é an togra reatha, teastaíonn tuilleadh feabhsuithe air chun níos mó trédhearcachta a áirithiú laistigh d’allmhairiú, d’onnmhairiú agus d’idirthuras arm tine. Ag bogadh ar aghaidh, ní mór dúinn díriú ar cháilíocht na sonraí, ar an trédhearcacht agus ar an digitiú, ós rud é go bhfuil na comhpháirteanna sin ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne airm thine aindleathacha laistigh agus lasmuigh dár dteorainneacha. Trí na hathruithe thuasluaite a chur chun feidhme, is féidir linn an rialachán a neartú agus todhchaí níos sábháilte a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh.